



Coiste na Gaeilge	Irish Language Committee
<p style="text-align: center;">Cruinniú Dé Céadaoin, an 1 Aibreán 2020, ag 10.00am Ar líne – Zoom</p>	<p style="text-align: center;">Meeting Wednesday 1st April, at 10.00am Online – Zoom</p>
MIONTUAIRISCÍ	MINUTES
I láthair:	Present:
<ul style="list-style-type: none">Cathaoirleach & Ionadaí Dhámh na nEalaíón, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta – An Dr Noel Ó MurchadhaOifigeach na Gaeilge – Áine Ní Shúilleabhadháin (Rúnaí)Ionadaí an Bhoird – An tOllamh Louis BrennanCláraitheoir na Seomraí (nó ionadaí) – An Dr Philip ColemanRoinn na Gaeilge & na dTeangacha Ceilteacha – An Dr Eoin Mac CártáighOifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Muireann Nic CorcráinDámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta – Laoise QuinnMeantóir na Scéime Cónaithe – Luke RockAontas na nlarchéimithe – Gisèle ScanlonAn Leabharlann – Nicole Seabrook	<ul style="list-style-type: none">Representative of Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Noel Ó MurchadhaIrish Language Officer – Áine Ní Shúilleabhadháin (Secretary)Representative of Board – Professor Louis BrennanRegistrar of Chambers (or nominee) – Dr Philip ColemanDepartment of Irish & Celtic Languages – An Dr Eoin Mac CártáighStudents' Union Irish Language Officer – Muireann Nic CorcráinFaculty of Engineering, Mathematics and Science – Laoise QuinnIrish Residency Scheme Mentor – Luke RockGraduate Students' Union – Gisèle ScanlonLibrary – Nicole Seabrook
1. Ballraíocht & Leithscéalta:	1. Membership & Apologies:
<p>Leithscéalta:</p> <ul style="list-style-type: none">Rúnaí an Choláiste – John ComanReachtaire an Chumainn Ghaelaigh – Blánaid KearneyDámh na nEolaíochtaí Sláinte – An Dr Caoimhín Mac Giolla PhádraigIonadaí na Comhairle – An Dr Damian MurchanAn Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – Caoimhe Ní LochlainnIonadaí na nDéan – An Dr Anthony O'Connor	<p>Apologies:</p> <ul style="list-style-type: none">Secretary to the College – John ComanAuditor of An Cumann Gaelach – Blánaid KearneyFaculty of Health Sciences – Dr Caoimhín Mac Giolla PhádraigRepresentative of Council – Dr Damian MurchanAdministrative and Support Area – Caoimhe Ní LochlainnFaculty Dean representative – Dr Anthony O'Connor
2. Miontuairiscí	2. Minutes
Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe ón 26 Samhain 2019.	The minutes of the meeting held on 26 November 2019 were approved.
3. Acht na dTeangacha Oifigiúla & an Tríú Scéim Teanga	3. Official Languages Act and the Third Language Scheme

<p>Cuireadh an Coiste ar an eolas gur foilsíodh Bille na dTeangacha Oifigiúla i mí na Nollag 2019 chun leasú a dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Mheas go leor páirtithe polaitíochta agus eagraíochtaí teanga ag an am nach raibh an Bille láidir go leor agus i bhfad ó na ceantteidil a foilsíodh sa bhliain 2017. Dúirt pártithe an fhreasúra go gcaithfí an Bille a threisiú ionas go dtacóidís leis. Tá an Bille imithe as feidhm anois le lánscor na Dála.</p> <p>Maidir leis an Scéim Teanga reatha, tá obair ar bun ar an dá phríomhdhúshlán a luadh atá le cur i bhfeidhm ag an gcruinní deireanach. Tá plean leagtha amach leis an Oifig lostais chun seirbhís Ghaeilge a chur ar fáil; tá ball foirne sa Chlárlann Acadúil ag obair go leanúnach chun i dtreo na haidhme seo; agus tá tuilleadh oibre le déanamh leis an Oifig Fiosrúcháin air seo. Tá go leor oibre aistriúcháin le déanamh chun leathanaigh bhreise a chur leis na suíomhanna gréasáin Gaeilge a bhaineann leis an gColáiste.</p> <p>Fiosraíodh an raibh aon chomhfhareagras faigte ag an gColáiste ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i dtaca le Scéim Teanga nua. Seoladh litir go dtí an Coláiste ag iarraidh go n-ullmhófaí dréachtscéim nua agus spriocdháta do dheireadh mhí na Bealtaine 2020 lúaité. Tá sé i gceist anois teaghmhláil a dhéanamh leis an Roinn chun síneadh ama a lorg maidir leis an spriocdháta.</p>	<p>The Committee was informed that the Official Languages Bill 2019 was published in December 2019 with a view to amend the Official Languages Act 2003. Many political parties and language organisations were of the view that the Bill was not strong enough and very different from the draft heads published in 2017. Opposition parties stated that the Bill would need to be strengthened for them to support it. The Bill has now lapsed with the dissolution of the Dáil.</p> <p>In relation to the current Language Scheme, work is underway on the two main challenges listed at the last meeting to be implemented. A plan has been set out with the Accommodation Office to offer an Irish language service; a staff member of Academic Registry has been working continuously towards providing this; and more work needs to be done with the Enquiries office. A lot of translation work needs to be completed to add extra pages to the Irish language websites across College.</p> <p>An enquiry was made as to whether correspondence had been received from the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht in relation to a new Language Scheme. A letter was sent to College seeking the preparation of a new draft scheme with a deadline of the end of May 2020 stated. It is now intended to contact the Department to seek an extension to this deadline.</p>
<p>4. Tuairisc Oifigeach na Gaeilge</p> <p>Thug an tOifigeach Gaeilge cuntas ar imeachtaí an téarma agus ar obair leanúnach na hOifige.</p> <p>An Scéim Cónaithe</p> <p>Tá formhór de thionscadail na Scéime curtha i gcríoch don téarma seo ach níor éirigh le roinnt grúpaí iad a chríochnú de bharr dhúnadh na hollscoile agus bhí ar ghrúpaí eile iad a chur ar ceal. D'éirigh le roinnt mac léinn a dtionscadail a athrú agus a chur ar líne. Ina measc siúd a rinneadh bhí Éalú na hÉigse, Carghas leis an Scéim, bileog eolais ar fhuaimniú céadainmneacha Gaelacha, turas ar mheánscoileanna, agus taifid & agallaimh do chlár raidió. Ina theannta sin, beidh Irisleabhar na Scéime á fhoilsíú arís i mbliana agus cuirfear cóip ar fáil do gach mac léinn ar an Scéim. Beidh tuairisc le cur faoi bhráid ag gach grúpa faoi dheireadh an téarma ar aon ullmhúchán a bhí déanta ar thionscadail go dtí gur dúnadh an ollscoil agus ar obair agus gníomhaiochtáil eile a raibh siad páirteach iontu le linn an téarma. Cuireadh an Oíche Léiriúcháin a bhí le bheith ar an 6 Aibreán ar ceal.</p> <p>Scéimeanna 2020/21</p> <p>Cuireadh moill ar fhógaírt phróiseas iarratais na Scéime do mhic léinn reatha le dúnadh na hollscoile. Tá sé i gceist é a oscailt go luath agus na hagallaimh a dhéanamh ar líne. Beifear ag súil fógraíocht a dhéanamh ar Scéim na chéad bhliana ina dhiaidh sin. Go hiondúil réachtáltear na hagallaimh i mí lúil, tar éis na hArdteistiméireachta, ach toisc</p>	<p>4. Report of the Irish Language Officer</p> <p>The Irish Language Officer gave an account of the events of the term and the ongoing work of the Office.</p> <p>Residency Scheme</p> <p>Most Scheme projects have been completed for this term; however, some groups were unable to finish them due to the closure of College and others were cancelled. Some students adapted and brought their projects online. Those completed include Éigse Jailbreak, Lent with the Scheme, an information leaflet on pronouncing Irish first names, a visit to schools and recordings and interviews for a radio show. The Scheme magazine will be published again this year and a copy provided to each student on the Scheme. Each group is required to submit a report by the end of term on any preparations made for projects before the closure of College and on other work and activities undertaken during the term. The Scheme presentation night due to take place on 6th April was cancelled.</p> <p>2020/21 Residency Schemes</p> <p>The announcement of the Scheme application process for current students was delayed with the closure of College. It is intended to open the process shortly and to hold interviews online. It is then hoped to open the application process for first year students. Normally these interviews are held in July after the Leaving Certificate, however, this may now change</p>

<p>go mbaineann éiginnteacht le dátaí na scrúduithe faoi láthair d'fhéadfadh athrú teacht air seo. D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag an méid atá ag titim amach de bharr an choróinvíris ar an méid iarratas a gheofar mar go mbeidh sé dúshlánach daltaí agus múinteoirí a chur ar an eolas faoin Scéim agus na scoileanna dúnta.</p>	<p>due to the current uncertainty surrounding exam dates. The fallout from the coronavirus may impact on the number of applications received this year as it will be more difficult to inform students and teachers of the Scheme with schools closed.</p>
<p>Ranganna Gaeilge Bhí suas le 150 foghlaimeoir cláraithe do ranganna an téarma seo agus suas le 100 duine ar liostaí feithimh. Cuireadh ocht rang ar fáil thar cheithre leibhéil (3x rang A1/ 2x rang A2/ 2x rang B1/ 1x rang B2) ar feadh ocht seachtaire.</p>	<p>Irish Language Classes There were up to 150 learners registered for classes this term and up to 100 on waiting lists. Eight classes were provided across four levels (3x A1 classes/ 2x A2 classes/ 2x B1 classes/ 1x B2 classes) over eight weeks.</p>
<p>Reáchtáladh seisiún eolais ag túis an téarma arís agus bhí Stiúrthóir Oideachais Ghaelchultúr agus an tOifigeach Gaeilge i láthair chun eolas a chur ar dhaoine faoi na ranganna.</p>	<p>An information session was again held at the beginning of term with Gaelchultúr's Director of Education and the Irish Language Officer providing information on the classes.</p>
<p>Tá dháréag cláraithe do na ranganna ar líne ina gcurtEAR síntiús trí mhí ar fáil. Rachaidh an síntiús in éag faoi dheireadh mhí na Bealtaine.</p>	<p>There are twelve people registered for online classes whereby a three-month subscription is offered. This will expire at the end of May.</p>
<p>Luadh ag an gcuinniú deireanach nach rabbhas go hiomlán sásta leis an socrú atá ann chun teacht ar sheomraí ranga faoi láthair mar go mbíonn a bhformhór acu i Seomra Comhdhála an Rúnaí, seomra nach bhfuil inrochtana do dhaointe le riachtanais shoghluaiseachta. Bhí ar fhoghlaimeoir amháin éirí as na ranganna i rith an téarma mar gheall ar a riocht sláinte agus nach raibh sí in ann teacht ar an seomra de bharr an staighre.</p>	<p>It was stated at the last meeting that the current arrangement for sourcing classrooms is not satisfactory with most classes taking place in the Secretary's Conference Room which is not accessible for those with mobility issues. One learner had to withdraw from classed this term due to a medical condition which prevented her from using the stairs.</p>
<p>TEG Léirigh roinnt daoine spéis sna scrúduithe ag túis na bliana ach níl sé soiléir ag an bpointe seo an gcurfear ar siúl iad. Tá na scrúduithe a bhí le bheith ar siúl an mhí seo agus an mhí seo chugainn curtha ar ceal ach tá roinnt dátaí tugtha do mhí lúil agus mhí Lúnasa go fóill. Tá seans ann go mbeidh sé deacair daoine a spreagadh chun staidéar a dhéanamh agus tabhairt faoi na scrúduithe leis an éiginnteacht atá ann faoi láthair.</p>	<p>TEG A number of people expressed interest in taking these exams at the beginning of the year but it's unclear at this stage if they will proceed. Exams due to take place this month and next month have been cancelled but some dates are still available for July and August. It may prove difficult to encourage people to study and undertake the exams at present with the current uncertain climate.</p>
<p>An Bhutrach agus Lón Foirne Gaeilge Táthar buíoch dóibh siúd a thacaíonn leis an gciornal comhrá seachtainiúil sa Bhutrach agus le himeachtaí eile i rith na bliana agus cuirtear ár mbeannacht chucu faoi láthair.</p>	<p>The Buttery and Staff Lunch Those who support the weekly conversation circle in the Buttery and other events during the year were thanked and best wishes were expressed to them at this time.</p>
<p>Leanadh leis an lón foirne seachtainiúil agus bhí méadú ar lón na ndaoine a fhreastalaíonn air ó anuraidh. Gabhtar buíochas leo siúd a thacaíonn leis.</p>	<p>The weekly staff lunch continued this term and there was an increase in the number of attendees from last year. Those who support it were thanked.</p>
<p>Éigse na Tríonóide (10-14 Feabhra) Reáchtáladh seachtain d'imeachtaí le haghaidh Éigse 2020. I measc na n-imeachtaí a d'eagraigh an tOifigeach Gaeilge bhí Aifreann agus urnaí nóna as Gaeilge, lón foirne, agus turas ealaíne. Ina theannta sin, bhí Pop-Up Gaeltacht sa Bhutrach agus ghlac idir mhic léinn agus mhuintir an phobail páirt sna</p>	<p>Éigse na Tríonóide (10-14 February) A week-long festival of events was organised for Éigse 2020. Events organised by the Irish Language Officer included Mass and Evensong in Irish, a staff lunch and art tour. Also, a Pop-Up Gaeltacht was held in the Buttery where both students and members of the public took part in music, singing,</p>

<p>taispeántais ceoil, amhránaíochta, scéalta agus filíochta a léiríodh ann. Bhí seastán eolais ag mic léinn na Scéime Cónaithe i bhFoirgneamh na nEalaón i rith na seachtaine chomh maith chun eolas ar an Scéim a chur ar fáil do mhic léinn na hollscoile.</p>	<p>storytelling and poetry performances. Residency Scheme students also organised an information stand in the Arts Building during the week to provide other students with information on the Scheme.</p>
<p>Ceann de phríomhimeachtaí an Oifigigh Ghaeilge ba ea imeacht eolais ‘Gairmeacha le Gaeilge’ a réachtáladh i gcomhar leis an tSeirbhís Gairmeacha agus le Roinn na Gaeilge i Mol an tSeomra Fhada. Bhí seisear cainteoirí i láthair ar céimithe de Choláiste na Tríonóide iad ó réimsí éagsúla cosúil le gnóthaí Eorpacha, dlí, na healaíona agus próiseáil teanga. Cuireadh lón ar fáil agus bhí an t-imeacht oscailte d'aon mhac léinn a bhfuil spéis acu an Ghaeilge a úsáid sa láthair oibre tar éis na hollscoile.</p>	<p>One of the Irish Language Officer’s main events was an information event on Careers with the Irish language, organised in collaboration with the Careers Service and the Discipline of Irish in the Long Room Hub. Six speakers attended, all graduates of Trinity and from various fields, for example, European affairs, law, the arts and language processing. Lunch was provided and the event was open to all students with an interest in using Irish as part of their career after College.</p>
<p>Seachtain an Gaeilge (9-13 Márt) D'éirigh leis an Oifig imeachtaí na seachtaine a chur i gcrích sular dúnadh an ollscoil ar an 13 Márt. Ba iad na himeachtaí a cuireadh ar siúl ná Tobchaointeanna Taighde, Aifreann as Gaeilge, Pop-Up Gaeltacht, lón foirne, diospóireacht mic léinn agus turas ealaíne le mic léinn i mbun treoraithe. Reáchtáladh an Pop-Up Gaeltacht i mbialann ‘Forum’ sa Scoil Gnó. Mar chuid de na Tobchaointeanna Taighda, rinne ceathrar cainteoirí ó réimsí éagsúla (sláinte phoiblí & cúram príomhúil, filíocht na Gaeilge, oideachas & meabhairshláinte, agus taighde litearthachta sa Ghaeilge) cur i láthair ar gcuid taighde. Gabhadh buíochas leis na cainteoirí agus leis an Dr Noel Ó Murchadha as a gcuid tacaíochta.</p>	<p>Seachtain an Gaeilge (9-13 March) The Office held all planned events before College closed on 13th March. Amongst those events were a Pop-Up Research Forum, Mass in Irish, a Pop-Up Gaeltacht, staff lunch, student debate and art tour with student guides. The Pop-Up Gaeltacht was held in ‘Forum’ in the Business School. Four speakers from various fields of research (public health & primary care, Irish language poetry, education & mental health, and literary & the Irish language) presented at the Pop-Up Research Forum. The speakers and Dr Noel Ó Murchadha were thanked for their support.</p>
<p>Bhí seastán ag mic léinn na Scéime Cónaithe i bhFoirgneamh na nEalaón agus san Fhoirgneamh Hamilton i gcaitheamh na seachtaine chun eolas ar an Scéim a chur ar fáil do mhic léinn na hollscoile.</p>	<p>Residency Scheme students organised a stand in the Arts and Hamilton buildings during the week to provide other students with information on the Scheme.</p>
<p>Ionduchtú do bhaill foirne nua Táthar tar éis oibriú leis an Roinn Acmhainní Daonna chun spás a fháil chun labhairt ar chúrsaí Gaeilge i sceideal an iondughtaithe lae a chuirtear ar siúl go rialta do bhaill foirne nua. Anois déanann an tOifigeach Gaeilge cur i láthair 10 nóiméad ar an nGaeilge san ollscoil (dualgais reachtúla, ranganna, imeachtaí, srl.).</p>	<p>Induction for new staff The Irish Language Officer has worked with HR to allocate time to speak on Irish language matters in the day-long induction held regularly for new staff. The Officer now presents for 10 minutes on Irish in College (statutory requirements, classes, events, etc.).</p>
<p>Plean Straitéiseach 2020-25 Rinneadh go leor oibre i mí Eanáir ar aistriúchán an Phlean Straitéisigh nua. Rinne Europus aistriúchán ar an gcáipéis a bhí 11,000+ focal agus rinne an tOifigeach Gaeilge léamh profaí agus eagarthóireacht air. Rinneadh tuilleadh oibre i gcomhar le Trinity Digital i mí Feabhra chun leathanáigh Ghaeilge a réiteach don suíomh gréasáin agus tá suíomh cuimsitheach le fáil i nGaeilge anois: https://www.tcd.ie/strategy/index.ga.php.</p>	<p>Strategic Plan A significant amount of work was carried out on the translation of the new Strategic Plan in January. Europus carried out the translation of 11,000+ words and the Irish Language Officer proofread and edited the file. Further work was completed with Trinity Digital on Irish language webpages in February and there is now a comprehensive site available in Irish: https://www.tcd.ie/strategy/index.ga.php.</p>
<p>Na Bailiúcháin Dhigiteacha Tá ardán ar líne na mbailiúchán digiteach (https://digitalcollections.tcd.ie/) á uasdátú faoi láthair agus</p>	<p>Digital Collections The online platform for digital collections (https://digitalcollections.tcd.ie/) is currently being updated</p>

<p>tá sé i gceist go mbeadh rogha teangacha éagsúla ar fáil ar an suíomh nua, lena n-áirítear an Ghaeilge. Tá na haistriúcháin curtha ar fáil agus tá roinnt eagarthóireachta le déanamh. Bhí sé i gceist go ndéanfaí seoladh ar an suíomh níos déanaí i mbliana ach níltear cinnte an mbeidh athrú air seo anois.</p> <p>Tuairisc Airgeadais</p> <p>Cuireadh cuntas airgeadais don tréimhse Deireadh Fómhair 2019 go Feabhra 2020 ar fáil.</p> <p>Tá €54,800.00 caite go dtí seo ábhair phá agus neamhphá le tuarastal, deontais na Scéimeanna Cónaithe agus táillí na ranganna san áireamh. Tá sé tuartha go gcaithfear suas le €110,000.00 faoi dheireadh na bliana agus is buiséad €106,200 atá ceadaithe, mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh easnamh i gceist nó go gcaithfí gearradh siar ar roinnt gníomhaíochtaí de chuid na hOfige.</p>	<p>and it is intended that there will be a number of language options on the new site, including Irish. Translations have been provided and there is some editing to be completed. The new site is to be launched later this year, but it is unclear if this may now change.</p> <p>Financial Report</p> <p>A financial report for the period October 2019 – February 2020 was provided.</p> <p>€54,800.00 has been spent on pay and non-pay items to date including salary, Residency Scheme grant payments and class fees. It is forecast that expenditure will reach up to €110,000.00 by year end and, with a budget of €106,200.00 allowed, could lead to a deficit or some of the Office's activities would need to be cut back.</p>
<p>5. Tuairisc an Chumainn Ghaelaigh</p> <p>Ní raibh Reachtaire an Chumainn i láthair ach cuireadh tuairisc scríofa ar fáil ar obair an Chumainn le linn an téarma:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuireadh imeachtaí bliantúla chomh maith le himeachtaí nua ar siúl i gcaitheamh an téarma. • Méadaíodh líon na mac léinn a d'fhreastail ar imeachtaí rialta cosúil leis an gciornal comhrá seachtainiúil. D'éirigh go maith le roinnt ócáidí ar nós na 'Fichidí Scairteacha' agus aoibhainteoirí cosúil le Máire Treasa Ní Cheallaigh. Bhí go leor comhoibrithe leis an Scéim agus cuireadh béis ar a bheith níos inbhuanaithe sa Chumann. • Arís braitheadh na deacaireachtaí a bhaineann le TEP agus na dúshláin a chruthaíonn sé do shaol na gCumann sa Choláiste. Thit an lucht freastail i ndiaidh na seachtaine léitheoireachta mar gheall ar obair chúrsa agus scrúdaithe, fiú i measc bhail an choiste ag brath ar a gcúrsaí staidéir. • Mar gheall ar an gcorónvíreas, cuireadh na himeachtaí eile a bhí beartaithe do dheireadh na bliana ar ceal. Rachfar i gcomhairle leis an CSC anois maidir leis an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a eagrú agus coiste nua a thoghadh don bhliain seo chugainn. Tá sé ar intinn go ndéanfaí é sin ar na meáin sóisialta. 	<p>5. An Cumann Gaelach Report</p> <p>The Auditor was not present but a report was provided the society's work over the course of the term:</p> <ul style="list-style-type: none"> • A combination of both yearly events and new events took place throughout the term. • The number of students attending regular events such as the weekly conversation circle was increased. Some events proved quite popular such as the 'Roaring Twenties' event and guest speakers like Máire Treasa Ní Cheallaigh. There was collaboration with the Scheme and efforts were made to place more emphasis on sustainability in the society. • Once again, the difficulties arising from TEP and the challenges it creates for College societies was felt. Attendance figures fell after reading week due to course work and exams, including amongst committee members depending on their area of study. • Other events due to take place before the end of the year were cancelled due to the coronavirus. The CSC will now be consulted in relation to how the AGM will be held and the election of a new committee for next year. It is intended that this will take place online.
<p>6. Tuairisc Aontas na Mac Léinn</p> <p>Thug Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn cuntas ar an obair a bhí ar bun le linn an téarma:</p>	<p>6. Students' Union Report</p> <p>The SU Irish Language Officer gave an account of the work carried out over the course of the term:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Translation of the SU's weekly email.

<ul style="list-style-type: none"> Aistriúchán ar ríomhphoist sheachtainiúla an Aontais. Ceardlanna cultúrtha gach mí sa Seomra Domhanda, rud a d'fhobair caidreamh dearfach oibre a chruthú leis an bhfoireann ann. Cuireadh ceardlann bhreise ar siúl don tsraith #New2Dublin a bhíonn á reáchtáil ag an Seomra agus gabhadh buíochas leis an bhfoireann ann as a gcuid comhoibrithe. D'oibrigh le hOifigeach Leasa an Aontais chun rang toilithe dátheangach a chur le cheile. Aistríodh go leor den treoirleabhar a chuirtear ar fáil d'áisitheoirí ranganna toilithe go Gaeilge agus eagraíodh rang d'Éigse na Tríonóide. Ní raibh freastal mór ar an rang ach deis a bhí ann an t-ábhar a chur i láthair agus triail a bhaint as i nGaeilge. Tá an fhéidearthacht ann an chuid eile den treoirleabhar a astriú ionas go mbeadh sé ar fáil go hiomlán i nGaeilge amach anseo. Éigse 2020: <ul style="list-style-type: none"> 15 imeacht i gcaitheamh seachtaine, mar shampla, Seoladh na hÉigse (le ceathrar aoichainteoirí), Brífeasta Gaelach, Cúirt Éigse, Seó na gCumainn, Éalú na hÉigse agus Pop-Up Gaeltacht. D'éirigh go han-mhaith le 'Cúirt Éigse'; imeacht a cheiliúrann an filíocht, an cheol agus na healaíona agus a reáchtáladh san Atrium. Bhí Ciara Ní É (iarchéimí an Choláiste agus bunaitheoir REIC, imeacht mhíosúil dátheangach atá bunaithe ar an bhfilíocht ó bhéal), TradSoc agus na Trintones i mbun cuir i láthair. Thug Aontas na Mac Léinn agus an Cumann Gaelach tacáiocht ó thaobh dearaidh de (t-léinte, amchlár digiteach, srl.). D'éirigh go maith leis an bhfeachtas fógraíochta don Éigse agus rinneadh agallamh ar chlár nua siamsaíochta RnAG, 'Bladhair', agus ar dhá chlár éagsúil de chuid Raidió na Life. Bhí alt san University Times chomh maith. D'oibrigh le hOifigeach Cumarsáide & Margaíochta Aontas na Mac Léinn, le hOifigeach Gaeilge na hollscoile agus leis an gClárlann Acadúil chun ceist an tsínidh fada ar chártaí aitheantais mic léinn a réiteach. Soiléiríodh an próiseas a bhaineann leis seo agus tugadh deis do mhic léinn a gcártá a cheartú. Braitheann sé má tá an síneadh fada ar ainm mic léinn ar an gcóras SITS agus, mura bhfuil, ní mór do mhac léinn foirm ar leith a lónadh amach 	<ul style="list-style-type: none"> A cultural workshop was held monthly in the Global Room which led to the development of a positive working relationship with the team there. An extra workshop was held for the #New2Dublin series which is organised by the Global Room and the team there were thanked for their collaboration. Worked together with the SU's Welfare Officer to create a bilingual consent class. A guidebook which is provided to consent class facilitators was partly translated and a class was organised for the Éigse na Tríonóide festival. The class was not largely attended but it was an opportunity to present and trial the content in Irish. There is now a possibility to translate the rest of the guidebook so that it is fully available in Irish in the future. Éigse 2020 festival: <ul style="list-style-type: none"> 15 events were held over the course of a week, for example, Éigse launch (with four guest speakers), Irish breakfast, Éigse court, talent show for societies, 'Jailbreak' and a Pop-Up Gaeltacht. 'Cúirt Éigse' (Éigse Court), an event celebrating poetry, music and the arts was especially successful and took place in the Atrium. Ciara Ní É (Trinity graduate and founder of REIC, a monthly bilingual spoken word event), TradSoc and the Trintones performed. The SU and An Cumann Gaelach provided support for the festival with elements such as design (t-shirts, digital timetable, etc.). The festival's publicity campaign was quite successful with interviews being held on Raidió na Gaeltachta's new entertainment show, 'Bladhair', and on two different shows on Raidió na Life. An article also featured in the University Times. Worked with the SU's Communications & Marketing Officer, the College's Irish Language Officer and with Academic Registry to resolve the issue with 'fadas' on student ID cards. The process involved was clarified and students were given an opportunity to have their cards corrected. It depends if the 'fada' is included on a student name in SITS and, if not, a student must complete a specific form to change their details and then request a new card. Active as a member of the Union of Students in Ireland's Cultural Committee under the stewardship of Clíodhna Ní Dhufaigh, Vice President for Irish in the USI. The role provided an opportunity for
--	---

<ul style="list-style-type: none"> chun a gcuir sonraí a athrú agus ansin cárta nua a iarráidh. Gníomhach mar bhall de Choiste Cultúrtha Aontas na Mac Léinn in Éirinn faoi chathaoirleacht Chlíodhna Ní Dhufaigh, Leas-Uachtarán don Ghaeilge AMLÉ. Deis a bhí sa ról plé a dhéanamh agus smaointe a roinnt le hoifigigh Ghaeilge eile ar fud na tíre agus foghlaim ó fheachtais AMLÉ. Ina theannta sin, tacáodh le cur le chéile scéim teanga nua an AMLÉ. D'éisigh leis an gCumann Gaelach áit a bhaint amach ar ghearrliosta Ghradaim Lárchoiste na gCumann le déanaí don 'Fresher is Fearr', 'Duine Aonair is Fearr' agus an 'Cumann Mór is Fearr'. Tá iarratais déanta do Ghradaim SSAI AMLÉ sa chatagóir 'Éacht ar son na Gaeilge' le haghaidh Éigse na Tríonóide agus Feachtas an tSínidh Fhada. Thacaigh le Coiste Feidhmiúcháin Aontas na Mac Léinn agus lena gcuid feachtas i gcaitheamh na bliana. Tá sé i gceist polasaí nua Gaeilge a scríobh don Aontas. 	<p>discussion and ideas sharing with Irish language officers from around the country and to learn from the USI's campaigns. Support was also provided for the compilation of the USI's new Irish language scheme.</p> <ul style="list-style-type: none"> An Cumann Gaelach was recently shortlisted for the CSC awards for 'Best Fresher', 'Best Individual', and 'Best Large Society'. Applications have been submitted for the USI's Student Achievement Awards under the 'Éacht ar Son na Gaeilge' (Irish Language Achievement) category for Éigse na Tríonóide festival and the campaign for the 'fada'. Supported the SU's Executive Committee and their campaigns throughout the year. It is intended to compose a new Irish language policy for the SU.
<p>7. Tuairisc Meantóir na Scéimeanna Cónaithe</p> <p>Thug Luke Rock, meantóir na Scéime tuairisc ar ghníomhaíochtaí na mac léinn i gcaitheamh na bliana:</p> <ul style="list-style-type: none"> Dualgais sheachtainiúla: <ul style="list-style-type: none"> Monatóireacht a dhéanamh ar Sheomra na Gaeilge (Scéim an Champais). Tacú le agus freastal ar an gciorcal comhrá seachtainiúil sa Bhutrach (Scéim Dharraí). Bhí ar gach grúpa tionscadal amháin ar a laghad dhéanamh i dTéarma na Féile Michíl agus i dTéarma na Féile Bríde, mar shampla: oíche scannán (<i>Yu Ming is ainm dom</i>) agus an príomhaisteoir, Diyu Wu, i láthair mar aoichainteoir, oíche leadóige boird, ceardlann Nollag, ciorcail chainte seachtainiúla i Halla na Tríonóide, turais tugtha ar iarmheánscoileanna chun labhairt ar an Scéim, srl. Cuireadh roinnt imeachtaí ar ceal nó cuireadh ar líne iad le déanaí mar gheall ar dhúnadh na hollscoile. Tacáodh le hobair an Oifigigh Ghaeilge le linn Éigse na Tríonóide agus Sheachtain na Gaeilge. Gníomhach ar na meáin shóisialta leis an bhfeachtas 'Daonra na Scéime' ar Instagram, an grúpa 'Gaeilgeoirí na Hallai' ar Facebook, agus ar na meáin chraolta – cuireadh mic léinn na Scéime faoi agallamh ar chlár Nollag de 'Bladhaire' a craoladh 	<p>7. Irish Language Residency Scheme Mentor's Report</p> <p>Luke Rock, mentor of the Residency Scheme, gave an account of students' activities over the course of the year:</p> <ul style="list-style-type: none"> Weekly responsibilities: <ul style="list-style-type: none"> Monitor Seomra na Gaeilge (Campus Scheme). Support and attend the weekly conversation circle in the Buttery (Dartry Scheme). Each group was obliged to carry out at least one project in Michaelmas Term and in Hilary Term, for example, a movie night (<i>Yu Ming is ainm dom</i>) where the main actor, Diyu Wu, was in attendance as a guest speaker, tennis table night, Christmas workshop, weekly conversation circles in Trinity Hall, visits to former schools to speak about the Scheme, etc. A number of events were recently cancelled or moved online due to the closure of College. The Irish Language Officer was supported in her work during Éigse na Tríonóide and Seachtain na Gaeilge. An active presence on social media with the 'Humans of An Scéim' campaign on Instagram, the 'Irish speakers of Halls' group on Facebook, and also on broadcast media – Scheme students were interviewed for Raidió na Gaeltachta's Christmas edition of its show 'Bladhaire' which was broadcast

<p>beo ar RnaG i mBaile Átha Cliath agus ar chlár bricfeasta Raidió na Life maidir leis an imeacht le Diyu Wu.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá Irisleabhar bliantúil na Scéime á chur le chéile acu faoi láthair. • Gníomhach i saol na hollscoile ar choiste an Chumainn Ghaelaigh, ar fhochoiste na hÉigse agus mar ambasadóir inbhuanaitheachta. Go leor de mhic léinn na Scéime ag seasamh do choiste an Chumainn do 2020/21. 	<p>live from Dublin, and on Raidió na Life's breakfast show in relation to the event with Diyu Wu.</p> <ul style="list-style-type: none"> • The Scheme's yearly magazine is currently being compiled. • An active presence in College life with members on An Cumann Gaelach's committee, on the Éigse festival's subcommittee and as a sustainability ambassador. There are a number of students intending to run for election for An Cumann Gaelach's committee for 2020/21.
<p>8. Seomra na Gaeilge</p> <p>Chuir Oifig na nEastát agus na Saoráidí meastachán garbh ar fáil le déanaí maidir le Seomra na Gaeilge a dhéanamh inrochtana. Measadh gur costas thart ar €175,000.00 a bheadh i gceist chun ardaitheoir seachtrach iata a chur leis an bhfoirgneamh, táillí proifisiúnta san áireamh. Bheadh cead pleánaí ag teastáil agus chaithfí an tionscadal deisiúcháin atá i ndán don Bhutrach (thart ar an mbliain 2021) a chur san áireamh chomh maith. Tá sé molta ag Oifig na nEastát agus na Saoráidí staidéar féidearthachta a dhéanamh mar chéad chéim eile.</p>	<p>8. Seomra na Gaeilge</p> <p>The Estates and Facilities Office recently provided an Order of Magnitude cost in relation to providing access to Seomra na Gaeilge. It estimated that it would cost €175,000.00 to build an external enclosed lift, including professional fees. Planning permission would be required and the planned refurbishment project for the Buttery (due to take place approx. 2021) would need to be considered. Estates and Facilities has recommended carrying out a feasibility study as a next step.</p>
<p>9. Diligent Boards</p> <p>Ní raibh 'Diligent Boards' in úsáid don chruinniú de bharr nach raibh an tOifigeach Gaeilge in ann rochtain a fháil ar a cuntas de bharr deacrachartaí lena hainm ar an gcóras agus úsáid an tsínidh fhada. Tá sé i gceist go mbeidh sé in úsáid don chéad chruinniú eile.</p>	<p>9. Diligent Boards</p> <p>Diligent was not in use for the meeting as the Irish Language Officer could not access her account due to difficulties arising from her name on the system and the use of the 'fada'. It is intended to be in use for the next meeting.</p>
<p>10. Aon ghnó eile</p> <p>Cuireadh an cheist an mbeadh Gradaim na Gaeilge ar siúl in ainneoin is go raibh an ollscoil dúnta agus an bhféadfaí iad a réachtáil ar líne. Dúradh go ndéanfaí plé ar an gceist agus ar an bhféidearthacht sin.</p> <p>Ghabh an tOifigeach Gaeilge buíochas le Reathaíre an Chumainn, le hOifigeach Gaeilge an Aontais agus le Meantóir na Scéimeanna as a gcuid comhoibrithe agus díograis i rith na bliana.</p>	<p>10. Any other business</p> <p>A question was raised in relation to the Irish Language Awards and if they would proceed with the closure of the College and if they could be run online. It was agreed to discuss the awards and this possibility.</p> <p>The Irish Language Officer thanked auditor of An Cumann Gaelach, the SU's Irish Language Officer and the Scheme Mentor for their collaboration and diligence to their work during the year.</p>